# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2023/2093 ÓN gCOMHAIRLE

**an 25 Meán Fómhair 2023**

**lena gceaptar comhalta de Choiste na Réigiún, arna mholadh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas na Gearmáine,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Gerry WOOP a cheapadh.

(4) Mhol Rialtas na Gearmáine Florian HAUER, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Staatssekretär für Bundes- und Europaangelegenheiten und Internationales, Bevollmächtigter des Landes Berlin beim Bund* (Rúnaí Buan um Ghnóthaí Cónaidhme agus Eorpacha agus um Chaidrimh Idirnáisiúnta, Toscaire Stát Bheirlín chuig an gCónaidhm), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha don téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Florian HAUER, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Staatssekretär für Bundes- und Europaangelegenheiten und Internationales, Bevollmächtigter des Landes Berlin beim Bund* (Rúnaí Buan um Ghnóthaí Cónaidhme agus Eorpacha agus um Chaidrimh Idirnáisiúnta, Toscaire Stát Bheirlín chuig an gCónaidhm) mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

H. GÓMEZ HERNÁNDEZ